Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12677/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0373(COD)**

**CODEC 1236**
**ENV 821**
**MI 638**
**TRANS 371**
**IND 341**
**CONSOM 169**
**COMPET 853**
**MARE 33**
**PECHE 253**
**RECH 380**
**SAN 548**
**ENT 159**
**ECOFIN 1148**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 16 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 14 Feabhra 2024[2].

[1] 14248/23 + ADD 1-7.
[2] IO C, C/2024/2487, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2487/oj.

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 18 Aibreán 2024[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 23 Aibreán 2024[4].

5. An 14 Bealtaine 2025, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Rialachán thuasluaite, tar éis teagmhálacha neamhfhoirmiúla a bheith ann idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach an Choiste litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air[5].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an seasamh ar an gcéad léamh uaithi mar a leagtar amach in 9047/25 agus an ráiteas ar chúiseanna mar a leagtar amach in 9047/25 ADD 1 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ghearmáin ag staonadh ón vótáil.

7. Leagtar amach na ráitis, atá le cur i miontuairiscí na Comhairle, san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

---

[3] IO C, C/2024/3675, 26.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3675/oj.
[4] 10567/24.
[5] 11502/25.